2026/801

10.4.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/801 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Aibreán 2026

lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí aigéid theireatalaigh de thionscnamh Phoblacht na Cóiré agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 13 Lúnasa 2025, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí aigéid theireatalaigh de thionscnamh Phoblacht na Cóiré ('an Chóiré') agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo ('Meicsiceo'), (dá ngairtear 'na tíortha lena mbaineann' le chéile) ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a taisceadh an 30 Meitheamh 2025. Rinne táirgeoir amháin de chuid an Aontais atá lonnaithe sa Bheilg, INEOS Aromatics ('INEOS' nó 'an gearánach'), an gearán, táirgeoir a bhfuil níos mó [27 % — 47 %] de tháirgeacht aigéid theireatalaigh de chuid thionscal an Aontais i gceist leis de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2013 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ([3]).

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na gearánaigh, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí aitheanta, trádálaithe, údaráis na Cóiré agus Mheicsiceo ar an eolas go sonrach chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach ar an eolas faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí aigéid theireatalaigh, de thionscnamh Phoblacht na Cóiré agus Mheicsiceo (IO C, C/2025/4539. 13.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4539/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2013 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2025 lena gcuirtear allmhairí aigéid theireatalaigh de thionscnamh Phoblacht na Cóiré agus Mheicsiceo faoi réir a gcláraithe (IO L, 2025/2013, 9.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2013/oj).

1.4. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(6) Chuir rialtas na Cóiré agus roinnt páirtithe leasmhara barúlacha isteach maidir le tionscnamh an imscrúdaithe, is é sin: Táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid Mheicsiceo Akra Polyester, S.A. de C.V. ('Akra') agus Tereftalatos Mexicanos S.A. de C.V. ('Temex'), dá ngairtear le chéile 'Alpek', agus Korean Chemical Industry Association ('KCIA') thar ceann táirgeoirí onnmhairiúcháin na Cóiré.

(7) Ar an gcéad dul síos, mhaígh Rialtas na Cóiré agus na páirtithe sin nár chomhlíon an leagan neamhrúnda den ghearán na caighdeáin faoi Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán toisc nach raibh sonraí sách mionsonraithe ann, agus go raibh na raonta róleathan chun go mbeifí in ann tuiscint a fháil ar na príomh-argóintí sa ghearán agus anailís a dhéanamh orthu agus d'iarr siad leagan neamhrúnda cothrom le dáta den ghearán ina n-úsáidfí raonta níos cúinge nó figiúirí innéacsaithe.

(8) Ar an dara dul síos, mhaígh KCIA nach bhféadfaí a mheas gur cuireadh an gearán isteach 'ar iarraidh [thionscal] an Aontais nó thar cheann [thionscal] an Aontais', ós rud é nár léiríodh go bhfuil tacaíocht ag an ngearán ó thairgeoirí an Aontais arb é atá ina n-aschur comhchoiteann níos mó ná 50 % de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil arna táirgeadh ag an gcuid de thionscal an Aontais a chuir in iúl go dtacaíonn siad leis an ngearán nó go gcuireann siad ina aghaidh, toisc gur luadh sa leagan oscailte den ghearán 'go bhfuil thart ar [Céatadán i bhfad os cionn na tairsí 25 %] % de tháirgeacht iomlán aigéid theireatalaigh san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag an ngearánach', agus ó tharla sin amhlaidh, léiríodh nár comhlíonadh an tairseach 50 %.

(9) Chuir an gearánach i gcoinne an léirmhínithe sin ar an tairseach 50 %, agus d'áitigh sé go bhfuil feidhm aige sin go heisiach maidir le measúnú a dhéanamh ar cé acu is mó nó nach mó freasúra thionscal an Aontais ar deireadh ná tacaíocht nó neodracht i measc táirgeoirí a chuir a seasamh in iúl go foirmiúil maidir leis an ngearán.

(10) Ar an tríú dul síos, mhaígh Alpek, KCIA, agus rialtas na Cóiré freisin nár cheart an t-imscrúdú a thionscnamh, agus d'áitigh siad nach raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán ar dhíobháil ábhartha agus ar nasc cúisíoch. Mhaígh Alpek freisin nach bhféadfadh allmhairí ó Mheicsiceo a bheith ina gcúis díobhála agus nár cheart measúnú carnach a dhéanamh orthu le hallmhairí na Cóiré.

(11) Go sonrach, mhaígh na páirtithe sin nach raibh an tréimhse a roghnaíodh sa ghearán ionadaíoch ó tharla go raibh tionchar mór ag suaitheadh sa tráchtáil mhuirí dhomhanda agus dianghlasálacha COVID-19 ar thúsphointe na hanailíse díobhála, mar atá 2021, rud a laghdaigh méideanna na n-allmhairí isteach san Aontas agus a chruthaigh dálaí margaidh neamhghnácha fabhracha, agus ó tharla sin amhlaidh gur saobhadh an pictiúr díobhála agus nach bhfuil sna treochtaí a tugadh faoi deara ach filleadh ar na gnáthdhálaí margaidh. Mhaígh na páirtithe freisin gur mhéadaigh an gearánach féin a sciar den mhargadh san Aontas, gur chuir sé feabhas ar mhéideanna onnmhairiúcháin, ar fhigiúirí brabúis, agus ar mhéideanna táirgeachta, rud atá contrártha don mhaíomh go ndearnadh díobháil shistéamach do thionscal an Aontais.

(12) Chuir an gearánach i gcoinne na maíomh sin, agus chuir sé i dtábhacht nach gnáthmhargadh neamhdhíobhálach a bhí sa mhargadh roimh phaindéim COVID-19, agus chuir sé in iúl gur éirigh leis gearán frithdhumpála a thaisceadh cheana féin in 2016.

(13) Maidir leis na maímh nach gceadaítear leis an leagan neamhrúnda den ghearán tuiscint a fháil ar threochtaí agus ar phatrúin, fuair an Coimisiún go raibh fianaise riachtanach leordhóthanach agus achoimrí neamhrúnda ar shonraí sa leagan a bhí ar oscailt le haghaidh iniúchadh ag páirtithe leasmhara an ghearáin chun ligean do na páirtithe leasmhara tuiscint leordhóthanach a fháil ar fhorbairt na dtáscairí díobhála ar a raibh an gearán bunaithe agus chun a gcearta cosanta a fheidhmiú le linn na n-imeachtaí agus ó tharla sin amhlaidh gur chomhlíon sé ceanglais Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán.

(14) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh cúis mhaith leis an láimhseáil rúnda trí raonta a thabhairt, ós rud é nach raibh ach gearánach amháin ann, INEOS, rud a chiallaíonn gur sonraí a bhaineann go sonrach le cuideachta amháin iad formhór na bhfigiúirí.

(15) Thug an Coimisiún dá aire freisin go ndearna na páirtithe sin argóintí agus thug siad barúlacha substaintiúla iad féin maidir le treochtaí ar an mbonn sin, agus líomhnaíodh nach raibh na sonraí leordhóthanach. Tugann sé sin le fios freisin gur thug na hachoimrí neamhrúnda sa leagan oscailte den ghearán tuiscint fhóinteach, go deimhin, ar an bhfaisnéis íogair fholuiteach.

(16) A mhéid a bhaineann le maímh KCIA maidir le heaspa údair leis an gearán a thaisceadh, chuir an Coimisiún in iúl, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den bhun-Rialachán, go meastar an gearán a bheith déanta 'ar iarraidh [thionscal] an Aontais nó thar ceann [thionscal] an Aontais', más é atá i gceist le comhaltaí thionscal an Aontais a thacaíonn go sainráite leis an ngearán 25 % ar a laghad de tháirgeacht iomlán thionscal an Aontais agus más rud é go bhfuil táirgeacht níos mó acu siúd a thacaíonn leis an ngearán ná mar atá acu siúd atá ina choinne.

(17) Roimh an tionscnamh, rinne an Coimisiún scrúdú chun a fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh údar le himeachtaí a thionscnamh. Chuige sin, chuathas i dteagmháil leis na tairgeoirí go léir de chuid an Aontais a luaitear sa ghearán agus na táirgeoirí a raibh an Coimisiún ar an eolas fúthu seachas sin agus cuireadh san áireamh iad nuair a bhí ionadaíochas na ngearánach. Cuireadh nóta maidir leis an údar le himeachtaí a thionscnamh ar an gcomhad oscailte lá tionscnaimh an imscrúdaithe, inar léiríodh gur ghníomhaigh an gearánach thar ceann táirgeoirí a bhfuil níos mó ná [27 % — 47 %] de tháirgeacht iomlán an Aontais acu, gur léirigh táirgeoir amháin seasamh neodrach, agus nár chuir aon táirgeoir i gcoinne thionscnamh an imscrúdaithe.

(18) Dá bhrí sin, léiríodh gur comhlíonadh na tairseacha ábhartha ó Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán agus dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin toisc é a bheith gan bhunús.

(19) Maidir le maímh Alpek maidir le measúnú carnach, shuigh an Coimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le measúnú carnach ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ag céim an ghearáin ar bhonn na faisnéise agus na staitisticí a bhí ar fáil.

(20) Go háirithe, fuarthas go raibh na corrlaigh dhumpála os cionn *de minimis*. Mar a léirigh staitisticí allmhairiúcháin oifigiúla a bhí ar fáil, ní raibh allmhairí dumpáilte diomaibhseach (os cionn *de minimis*) ó thaobh méideanna de i gcás an dá thír lena mbaineann. Thairis sin, measadh go raibh na dálaí iomaíochta comhchosúil. Dá bhrí sin, bhí údar le measúnú carnach.

(21) Is léir ó chaighdeán dlíthiúil na fianaise is gá le haghaidh gearán faoi Airteagal 5 den bhun-Rialachán ('leordhóthanacht na fianaise [...] chun údar maith a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh') nach ionann cainníocht agus cáilíocht na faisnéise sa ghearán agus an fhaisnéis ar a mbunaíonn an Coimisiún a thorthaí ag deireadh imscrúdaithe. Go deimhin, ní mór fianaise leordhóthanach ar dhumpáil, ar dhíobháil agus ar nasc cúisíoch atá ar fáil go réasúnta don ghearánach a bheith san áireamh sa ghearán.

(22) Thairis sin, ní cheanglaítear le hAirteagal 5 den bhun-Rialachán go ndéanfar anailís ar na tosca díobhála uile a luaitear in Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán i ngearán ná go léireoidh siad meathlú chun fianaise leordhóthanach ar dhíobháil ábhartha a shuí. Go deimhin, sonraítear i bhfoclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán nach mór go gcuimseofar sa ghearán fianaise faoi na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí a líomhnaítear a dumpáladh, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, mar atá léirithe ag tosca agus innéacsanna ábhartha (ach ní gá gach ceann díobh) a bhaineann le staid thionscal an Aontais, amhail iad siúd a liostaítear in Airteagal 3(3) agus 3(5).

(23) Sa chás seo, léirigh anailís an Choimisiúin ar an bhfianaise a sholáthair an gearánach, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den bhun-Rialachán, go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán maidir le dumpáil, díobháil agus nasc cúisíoch idir na hallmhairí a líomhnaítear a dumpáladh agus an díobháil líomhnaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

1.5. **Sampláil**

(24) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(25) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Mar sin féin, ós rud é gur tháinig na trí tháirgeoir aitheanta de chuid an Aontais chun cinn, cinneadh ar deireadh nach raibh gá le sampláil toisc go bhféadfaí imscrúdú a dhéanamh orthu go léir. Is ó na trí tháirgeoir sin de chuid an Aontais a tháinig 100 % de tháirgeacht an Aontais maidir leis an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil

(26) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(27) Níor sholáthair allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, ní raibh gá le sampláil.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil

(28) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa Chóiré an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na Cóiré chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(29) Sholáthair trí tháirgeoir onnmhairiúcháin sa Chóiré an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na Cóiré maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(30) Ós rud é nach raibh ach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta amháin i Meicsiceo agus nár tháinig aon táirgeoir onnmhairiúcháin eile ó Mheicsiceo chun cinn tar éis an tionscnaimh, ní raibh aon ghá le sampláil maidir le Meicsiceo.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(31) Chuir an Coimisiún na ceistneoirí le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ar fáil ar líne ([4]) lá an tionscnaimh.

(32) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais:

— INEOS, Geel, an Bheilg;

— Indorama Ventures Quimica S.L.U. ('IVQ'), San Roque, Cádiz, an Spáinn;

— Orlen S.A ('Orlen'), Várs á, an Pholainn.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Chóiré:

— Samnam Petrochemical Co., Ltd., Súl, an Chóiré

— Taekwang Industrial Co., Ltd., Súl, an Chóiré

(33) Níor thug aon táirgeoir onnmhairiúcháin Meicsiceach freagra ar an gceistneoir. Ina theannta sin, thug deich n-úsáideoir freagraí ar an gceistneoir, ach níor fíoraíodh iad sin ag an gcéim seo den imscrúdú.

1.7. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(34) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

([4]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-history?caseId=2809.

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(35) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú aigéad teireatalach ag a bhfuil íonacht 99,5 % nó níos mó de réir meáchain, a thagann de ghnáth faoi uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha ('CAS') 100-21-0 agus a chomhfhreagraíonn de ghnáth d'uimhir an Aontais Chustaim agus Staidrimh ('CUS') 0023865-3, agus a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2917 36 00 (cód TARIC 2917 36 00 11) ('an táirge faoi imscrúdú').

(36) Úsáidtear aigéad teireatalach go príomha i dtáirgeadh teireataláite poileitiléine ('TPE'), a bhfuil feidhmeanna aici i mbuidéil, i bpacáistíocht, i snáithíní, i scannáin agus i sliseanna. Úsáidtear cainníochtaí níos lú freisin i bplaisteacháin, i mbratuithe agus i bhfeidhmeanna speisialtachta eile.

2.2. An táirge lena mbaineann

(37) Is éard atá sa táirge lena mbaineann aigéad teireatalach de thionscnamh Phoblacht na Cóiré agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2917 36 00 (cód TARIC 2917 36 00 11) ('an táirge lena mbaineann').

2.3. An táirge comhchosúil

(38) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh na dtíortha lena mbaineann; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(39) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. Maímh maidir le raon feidhme an táirge

(40) D'iarr páirtithe éagsúla (an t-úsáideoir UAB NEO Group agus KCIA lena chuideachtaí comhaltaí Samnam Petrochemical Co., Ltd., Taekwang Industrial Co., Ltd agus Hanwha Impact Corporation) go gcuirfí teireatalach cáilithe ('QTA') as an áireamh sa raon táirgí agus d'áitigh siad an méid seo a leanas:

— níl na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna ag aigéad teireatalach íonaithe ('PTA') ná ag QTA;

— ní tháirgeann tionscal an Aontais ach PTA seachas QTA agus dá bhrí sin bheadh sé dodhéanta comparáid a dhéanamh idir an difríocht sa phraghas idir PTA agus QTA, agus cuireann cásdlí EDT oibleagáid ar údarás imscrúdúcháin inchomparáideacht praghsanna a áirithiú le linn dó anailís a dhéanamh ar éifeachtaí praghais.

(41) Mhínigh Grúpa UAB NEO, cé gur féidir QTA a úsáid chun sliseanna TPE de ghrád buidéal a tháirgeadh, nach féidir leis PTA a ionadú go hiomlán. Dá réir sin, ní mór PTA a ionchorprú sa phróiseas in éineacht le QTA ag cóimheas sonrach.

(42) Chuir an gearánach ina choinne sin trína dhearbhú go bhfuil na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna ag QTA agus atá ag PTA agus go bhfuil sé inmhalartaithe den chuid is mó i bhformhór na bhfeidhmeanna iartheachtacha, agus ar an gcaoi sin go bhfuil sé in iomaíocht go héifeachtach le PTA i margadh an táirgthe poileistir.

(43) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach go bhfuil na saintréithe agus na húsáidí fisiceacha agus ceimiceacha céanna ag an dá chineál táirge. Thairis sin, níor ghá QTA a chur as an áireamh sa raon táirgí mar gheall ar aon difríocht i leibhéil íonachta QTA agus PTA. Thairis sin, fuarthas go bhfuil QTA in iomaíocht éifeachtach le PTA i dtáirgeadh TPE iartheachtaigh thar gach grád TPE. Léirigh an fhianaise a bailíodh go n-úsáideann roinnt úsáideoirí ar a laghad PTA agus QTA araon go héifeachtach ina dtáirgeadh go hidirmhalartach. Chomh maith leis sin, níor suíodh go raibh difríocht shoiléir sa phraghas idir QTA agus PTA a thabharfadh údar le coigeartú ar chostas/praghas QTA. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **An Chóiré**

3.1.1. *An gnáthluach*

(44) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús chun a fháil amach an méid ionadaíoch a bhí i méid iomlán na ndíolachán intíre i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin comhoibríoch a sampláladh, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an táirge lena mbaineann . Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte an táirge chomhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(45) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú leis an Aontas i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a raibh díolacháin intíre ionadaíocha acu.

(46) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach an méid ionadaíoch a bhí sna díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar a mhargadh intíre i gcás gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch i gcás cineáil táirge más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin 5 % de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionainne nó inchomparáide leis an Aontas. Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte maidir leis an táirge comhchosúil le haghaidh gach cineáil táirge ar an margadh intíre ionadaíoch.

(47) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(48) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:

(a) gurb éard a bhí i gceist le méid díolachán an chineáil táirge arna dhíol ar phraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe arna ríomh nó níos mó ná sin, breis agus 80 % den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil táirge sin; agus

(b) go bhfuil meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos mó ná sin.

(49) Sa chás sin, is é atá sa ghnáthluach meánphraghsanna ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(50) Is é atá sa ghnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn ná tréimhse imscrúdúcháin, más rud é:

(a) go bhfuil 80 % nó níos lú de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge i gceist le méid díolachán brabúsach an chineáil táirge sin; nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(51) Léiríodh san anailís ar dhíolacháin intíre i gcás an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte go raibh níos lú ná 80 % de na díolacháin intíre uile brabúsach. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.2. **An praghas onnmhairiúcháin**

(52) Dhíol an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte leis an Aontas go heisiach trí thrádálaithe neamhchomhlachaithe atá bunaithe lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear trádálaithe atá lonnaithe sa Chóiré agus i dtríú tíortha. Deimhníodh san imscrúdú gur sheol na táirgeoirí an táirge lena mbaineann go díreach chuig an Aontas agus go ndeachaigh sreabhadh an tsonraisc/na híocaíochta trí na trádálaithe neamhchomhlachaithe.

(53) Dá bhrí sin, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha ar bhonn Airteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.3. **Comparáid**

(54) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna a chur san áireamh. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal *díreach ón monarcha*; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.3.1. *Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach*

(55) Chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar chostais iompair intíre, láimhseáil agus luchtú agus pacáistiú.

(56) Cuireadh san áireamh an toisc seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais chreidmheasa.

3.3.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(57) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar chostais iompair intíre, láimhseáil agus luchtú agus pacáistiú.

(58) Cuireadh san áireamh an toisc seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais chreidmheasa agus táillí bainc.

3.4. **Corrlaigh dhumpála**

(59) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(60) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Samnam Petrochemical Co., Ltd.	6,2
Taekwang Industrial Co., Ltd.	0

(61) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach sin ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, gan aird a thabhairt ar chorrlach an táirgeora onnmhairiúcháin ar cinneadh nach raibh sé ag dumpáil.

(62) Ar an mbonn sin, socraíodh corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla ag 6,2 %.

(63) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa Chóiré, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

(64) Ós rud é go bhfuil an Coimisiún ar an eolas faoi tháirgeoir onnmhairiúcháin amháin ar a laghad sa Chóiré nár chomhoibrigh leis an imscrúdú, chinn sé an corrlach dumpála a shuí le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal 25 % de na hidirbhearta dumpáilte de chuid na cuideachta comhoibríche sampláilte a raibh an corrlach dumpála is airde aici.

(65) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch neamhshampláilte: Hanwha Impact Corporation	6,2
Gach allmhaire eile de thionscnamh na Cóiré	13,7

3.5. **Meicsiceo**

(66) Mar a tugadh le fios cheana in aithris (33), níor chomhoibrigh aon táirgeoir onnmhairiúcháin Meicsiceach san imscrúdú. Dá bhrí sin, bhunaigh an Coimisiún a thorthaí maidir le dumpáil ar na fíorais a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

3.5.1. *An gnáthluach*

(67) Ós rud é nach raibh aon fhaisnéis ar fáil go poiblí maidir le praghsanna intíre aigéid theireatalaigh i Meicsiceo le haghaidh Alpek ná le haghaidh aon táirgeoir eile, ríomh an Coimisiún an gnáthluach le haghaidh Mheicsiceo trí úsáid a bhaint as sonraí ón tréimhse imscrúdúcháin mar a léirítear sa ghearán ([5]) chomh maith le sonraí ón Instituto Nacional de Estadística y Geografía (INEGI) le haghaidh earnáil an tionscail ceimiceán.

(68) Ríomhadh an gnáthluach trí úsáid a bhaint as cóimheasa na dtosca táirgeachta ó thionscal an Aontais mar a léirítear sa ghearán agus as praghsanna intíre na dtosca sin i Meicsiceo, móide sonraí atá ar fáil go héasca ón táirgeoir neamh-chomhoibríoch Alpek:

(a) na costais díola, riaracháin agus ghinearálta ('costais SG & A') arna dtabhú ag an táirgeoir onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríoch Alpek, le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin; agus

(b) an brabús a rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríoch Alpek sa bhliain ghnó bhrabúsach is déanaí, 2022.

3.6. **An praghas onnmhairiúcháin**

(69) Bhí praghas onnmhairiúcháin aigéid theireatalaigh ó Mheicsiceo chuig an Aontas bunaithe ar shonraí Eurostat agus ó bhunachar sonraí Surveillance 3 ('Surveillance') ([6]). Aicmítear aigéad teireatalach faoi chód AC 2917 36 00 (cód TARIC 2917 36 00 00), a bhaineann go sonrach le 'aigéad teireatalach agus a shalainn'. Cé nach bhfuil sa táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo ach aigéad teireatalach, de réir an ghearáin, comhfhreagraíonn na hallmhairí uile ó Mheicsiceo isteach san Aontas faoin gcód AC seo d'aigéad teireatalach.

3.7. **Comparáid**

(70) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna a chur san áireamh.

(71) Ós rud é go léiríonn na sonraí praghsanna sin ó staitisticí Eurostat praghsanna ar leibhéal CAL, rinneadh é a choigeartú go dtí an leibhéal díreach ón monarcha trí chostais mhuirlasta, imréitigh custaim agus iompair inmheánaigh a asbhaint, ar costais iad a tugadh cothrom le dáta go dtí méid na rátaí boilscithe i Meicsiceo.

([5]) Maidir le paracsailéin agus aigéad aicéiteach: Eurostat; maidir le costais iompair allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin: *Doing Business Report 2020*, Meicsiceo, ó *World Bank Group*, méadaíodh na luachanna ón Tuarascáil de réir an ráta boilscithe go dtí an tréimhse imscrúdúcháin de réir rátaí boilscithe Banco de México; maidir leis an lasta ó Mheicsiceo chuig an Aontas Eorpach: Ardán Xeneta ar shíntiús iníoctha; maidir le leictreachas: Comisión Federal de Electricidad ('CFE'); maidir leis an gás nádúrtha: Comision Reguladora de Energia ('CRE').

([6]) Bunachar sonraí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha airithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj). Tá breis eolais le fáil ar: https://taxation-customs.ec.europa.eu/online-services/online-services-and-databases-customs/surveillance-system_en.

3.8. **Corrlach dumpála**

(72) Rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(73) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Gach táirgeoir onnmhairiúcháin	75,5

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(74) Rinne trí tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin: Ineos, Orlen, agus IVQ. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán. Bhí dhá tháirgeoir eile ó ghrúpa Indorama gníomhach ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú: IndoramaVentures Portugal PTA — Unipessoal Lda in Sines, an Phortaingéil ('Indorama Portugal') agus Indorama Ventures Europe B.V. in Rotterdam, an Ísiltír ('Indorama Netherlands'). Scoir an dá shaoráid sin den táirgeadh in 2023 agus 2024, faoi seach.

(75) Suíodh gur thart ar 1,65 milliún tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail an macraicheistneoir fíoraithe a chuir an gearánach isteach, ar comhlánaíodh é leis na sonraí ó na ceistneoirí díobhála aonair ó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais a bhí gníomhach le linn na tréimhse imscrúdúcháin: Ineos, Orlen, agus IVQ.

(76) Mar a léirítear in aithrisí (25) agus (74) thuas, bhain 100 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil leis na trí thairgeoir de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.2. **Úsáid faoi chuing**

(77) Chun a shuí ar bhain díobháil do thionscal an Aontais mar thoradh ar dhumpáil agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid thionscal an Aontais a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar ghá, agus a mhéid ba ghá, an úsáid a baineadh as táirgeacht thionscal an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil a chur san áireamh san anailís.

(78) Tá aigéad teireatalach ar cheann de na príomh-amhábhair i dtáirgeadh TPE. Is i dtáirgeadh roisín TPE is mó a úsáidtear aigéad teireatalach, a úsáidtear go príomha chun buidéil phlaisteacha agus pacáistíocht bhia a mhonarú. Úsáidtear sciar i bhfad níos lú d'aigéad teireatalach chun snáithíní, sliseanna agus scannáin TPE a tháirgeadh, agus úsáidtear iadsan ansin le haghaidh plaisteachán, bratuithe agus feidhmeanna speisialtachta eile.

(79) Fuair an Coimisiún go raibh cuid shubstaintiúil [35 — 60] % de tháirgeacht aigéid theireatalaigh IVQ dírithe ar úsáid faoi chuing. Aistríodh cuid shuntasach de tháirgeacht aigéid theireatalaigh go hinmheánach gan sonraisc thráchtála chun TPE a tháirgeadh go hiartheachtach a thuilleadh laistigh den chuideachta. Bhí sé sin mar chuid de straitéis chomhtháthaithe ingearach a saothraíodh ar mhaithe le barrfheabhsú costas ([7]) agus níor cheannaigh IVQ aon aigéad teireatalach ó sholáthróirí neamhchomhlachaithe dá tháirgeadh TPE. Chuige sin, cé go raibh praghsanna aistrithe inmheánacha IVQ ar aigéad teireatalach inchomparáide leis na praghsanna margaidh, chinn an Coimisiún go raibh an chuid sin den mhargadh faoi chuing.

([7]) Féach, mar shampla, preaseisiúint Indorama: https://www.indoramaventures.com/en/updates/other-release/158/ivl-acquisition-of-cepsa-business-in-spain-complete#:~:text=Bangkok%2C%20Thailand%20%E2%80%93%2008%20April%202016,a%20subsidiary%20of%20Compa%C3%B1%C3%ADa%20Espa%C3%B1ola (arna rochtain go deireanach an: an 17 Feabhra 2026).

(80) Shaothraigh Indorama Netherlands straitéis chomhchosúil maidir le comhtháthú ingearach freisin ([8]). Agus meastachán á dhéanamh ar thomhaltas saormhargaidh agus ar úsáid faoi chuing tháirgeacht iomlán aigéid theireatalaigh san Aontas, mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, go raibh an sciar céanna de tháirgeacht Indorama Netherlands dírithe ar úsáid faoi chuing sna blianta ina raibh sé ag feidhmiú. Rinneadh an measúnú sin ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil, lena n-áirítear na meastacháin a chuir an gearánach isteach sa cheistneoir maicreacnamaíoch.

(81) Is ábhartha an t-idirdhealú idir margadh faoi chuing agus saormhargadh a mhéid a bhaineann leis an anailís díobhála toisc nach nochtar táirgí atá beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing d'iomaíocht dhíreach ó allmhairí. I gcodarsnacht leis sin, tá an táirgeacht a bhfuil sé beartaithe í a dhíol ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí an táirge lena mbaineann.

(82) Chun léargas atá chomh hiomlán agus is féidir a sholáthar ar thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh gníomhaíocht iomlán allmhairí aigéid theireatalaigh agus chinn sé an raibh an táirgeacht beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing nó le haghaidh an tsaormhargaidh.

(83) Scrúdaigh an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le tionscal an Aontais ar bhonn sonraí maidir leis an saormhargadh. Is iad seo na táscairí sin: méid díolachán agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais; sciar den mhargadh; fás; an méid onnmhairí agus praghsanna; brabúsacht; toradh ar infheistíocht; agus sreabhadh airgid. I gcás inarbh fhéidir agus ina raibh údar leis, cuireadh torthaí an scrúdaithe i gcomparáid leis na sonraí maidir leis an margadh faoi chuing chun léargas iomlán a thabhairt ar staid thionscal an Aontais.

(84) Mar sin féin, ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing thionscal an Aontais. Is iad sin: táirgeacht; acmhainneacht, úsáid acmhainneachta; infheistíochtaí; stoic; fostaíocht; táirgiúlacht; tuarastail; agus an cumas caipiteal a chruinniú. Tá siad ag brath ar an ngníomhaíocht iomlán, bíodh an táirgeacht faoi chuing nó arna díol ar an saormhargadh.

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(85) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an mhacraicheistneora fhíoraithe a chuir an gearánach isteach, arna fhorlíonadh le sonraí ó na ceistneoirí díobhála aonair fíoraithe a chuir na trí tháirgeoir de chuid an Aontais isteach, agus ó shonraí Eurostat agus Surveillance.

(86) Chinn an Coimisiún gur dheonaigh an Liotuáin láimhseáil rúnda do líon suntasach allmhairí aigéid theireatalaigh de bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEopra agus ón gComhairle ([9]). Ar an gcúis sin, níor léirigh sonraí Eurostat na foinsí le haghaidh na n-allmhairí aigéid theireatalaigh uile. Dá bhrí sin, d'úsáid an Coimisiún sonraí Surveillance chun méideanna, luachanna agus foinsí na n-allmhairí isteach sa Liotuáin a chinneadh, agus úsáideadh sonraí Eurostat chun méideanna, luachanna agus foinsí na n-allmhairí sna 26 Bhallstát eile a chinneadh.

(87) Ar an gcúis thuas, ba ghá na sonraí maidir le méideanna agus praghsanna allmhairí, agus na sonraí eile uile óna bhféadfaí na figiúirí sin a thuiscint, a shloinneadh mar raonta.

(88) Ar bhonn na sonraí mar a shonraítear thuas, chinn an Coimisiún gur tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais mar a leanas:

Tábla 1 —

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	[2 500 000 — 3 000 000]	[1 800 000 — 2 300 000]	[2 100 000 — 2 600 000]	[2 000 000 — 2 500 000]
Innéacs	*100*	*72*	*85*	*83*

([8]) Féach, mar shampla, preaseisiúint Indorama: https://www.indoramaventures.com/en/updates/other-release/172/ivl-announces-completion-of-expansion-of-pta-capacity-in-europe (arna rochtain go deireanach an: an 17 Feabhra 2026).

([9]) Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2152/oj).

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Margadh faoi chuing	[300 000 — 350 000]	[250 000 —300 000]	[200 000 — 250 000]	[150 000 — 200 000]
Innéacs	*100*	*86*	*71*	*58*
An saormhargadh	[2 100 000 — 2 600 000]	[1 500 000 — 2 000 000]	[1 800 000 — 2 300 000]	[1 800 000 — 2 300 000]
Innéacs	*100*	*71*	*87*	*86*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais, macraicheistneoir fíoraithe, sonraí Eurostat agus Surveillance.

(89) Tháinig laghdú ar thomhaltas iomlán aigéid theireatalaigh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(90) Bliain an-dúshlánach a bhí in 2023 do thionscal an Aontais, ós rud é gur tháinig laghdú 28 % ar an éileamh iomlán i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus gur tháinig laghdú 29 % ar éileamh an tsaormhargaidh. Ba í an éiginnteacht eacnamaíoch ghinearálta laistigh den Aontas a rinne difear don tionscal TPE mar phríomhchustaiméir aigéid theireatalaigh ba chúis leis an laghdú sin, chomh maith le normalú ar iompraíocht cheannaigh agus dístocáil na bpríomhchustaiméirí tar éis phaindéim COVID-19.

(91) In 2024, de réir mar a chobhsaigh an margadh, tháinig méadú beag ar an éileamh, ach bhí an t-éileamh iomlán fós 15 % faoi bhun an éilimh in 2022, agus bhí éileamh an tsaormhargaidh 13 % faoi bhun an éilimh. Tháinig laghdú 2 phointe céatadáin breise ar an éileamh iomlán le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus tháinig laghdú 1 phointe céatadáin ar éileamh an tsaormhargaidh.

(92) Tháinig laghdú ar an margadh faoi chuing gach bliain den tréimhse faoi bhreathnú agus ba é 42 % an laghdú a tháinig ar thar an tréimhse faoi bhreathnú. Ba é dúnadh shaoráid Indorama Netherlands ba chúis leis an laghdú sin den chuid is mó, saoráid a bhí ag laghdú de réir a chéile (lena n-áirítear le haghaidh úsáid faoi chuing) agus a chuir stop le táirgeadh aigéid theireatalaigh agus TPE araon in 2024.

(93) Ós rud é gur tháinig laghdú chomh líneach sin ar thomhaltas an mhargaidh faoi chuing i gcomparáid le héileamh an tsaormhargaidh, tá sin ag teacht leis an gconclúid go raibh dístocáil ina chúis mhór leis an laghdú ar éileamh an tsaormhargaidh in 2022. Ós rud é nach raibh ar tháirgeoirí TPE atá comhtháite go hingearach an stoc aigéid theireatalaigh a charnadh, d'fhéadfaidís leanúint d'aigéad teireatalach a sholáthar dóibh féin a mhéid a bhí éileamh ar TPE in aon bhliain ar leith.

4.4. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

4.4.1. *Measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann*

(94) Scrúdaigh an Coimisiún ar cheart measúnú carnach a dhéanamh ar allmhairí dumpáilte táirge de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(95) Mar a shuitear in aithris (60) thuas, fuarthas nach raibh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Cóiré, Taekwang, i mbun dumpála. Dá bhrí sin, fágadh allmhairí Taekwang ar lár ón measúnú díobhála. Ní bhaineann na breithnithe thíos ach leis na hallmhairí dumpáilte atá fágtha ón gCóiré agus na hallmhairí dumpáilte ó Mheicsiceo. Meastar gur allmhairí tríú tír eile iad allmhairí Taekwang.

(96) An corrlach dumpála a suíodh i ndáil leis na hallmhairí dumpáilte ón gCóiré agus ó Mheicsiceo, bhí sé os cionn na tairsí *de minimis* a leagtar síos in Airteagal 9(3) den bhun-Rialachán. Níor dhiomaibhseach an méid allmhairí dumpáilte ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 5(7) den bhun-Rialachán. 23 % a bhí sna sciartha den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás allmhairí dumpáilte ón gCóiré agus 5 % i gcás Mheicsiceo.

(97) Ba chosúil le chéile dálaí na hiomaíochta idir na hallmhairí dumpáilte ón gCóiré agus ó Mheicsiceo agus idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an táirge comhchosúil. Go sonrach, bhí na táirgí allmhairithe in iomaíocht lena chéile agus leis an táirge a tháirgtear san Aontas toisc go ndíoltar iad trí na bealaí díolacháin céanna agus leis na catagóirí céanna custaiméirí.

(98) Dá bhrí sin, comhlíonadh na critéir uile a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán agus scrúdaíodh allmhairí dumpáilte ón gCóiré agus ó Mheicsiceo go carnach chun an díobháil a chinneadh.

(99) Chuir Alpek i dtábhacht gur fhan allmhairí ó Mheicsiceo cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus nár iarr an gearánach measúnú carnach ar allmhairí ó Mheicsiceo agus ón gCóiré. Mhaígh Alpek gur cheart éifeachtaí praghais allmhairí ó Mheicsiceo agus ón gCóiré a bhunú go neamhspleách dá bhrí sin.

(100) Chuir an gearánach i gcoinne mhaímh Alpek, agus d'áitigh sé, toisc gur chuir an gearánach gearán amháin isteach lenar cumhdaíodh allmhairí an táirge chéanna ó Mheicsiceo agus ón gCóiré araon, gur ghá don ghearánach creat anailíseach Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán a agairt. Chuir an gearánach i dtábhacht freisin nach liostaítear in Airteagal 3(4) iarraidh fhoirmiúil ón ngearánach mar cheann de na coinníollacha le haghaidh anailís charnach.

(101) D'aontaigh an Coimisiún nach ceanglas le haghaidh anailís charnach é iarraidh ón ngearánach. Suíodh gur dumpáladh allmhairí ó Mheicsiceo agus, d'ainneoin laghdú le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí cainníochtaí suntasacha díobh ann. Dá bhrí sin, comhlíonadh na coinníollacha uile maidir le hanailís charnach de bhun Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(102) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart measúnú carnach a dhéanamh ar éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus dhiúltaigh sé do mhaíomh Alpek.

4.4.2. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann*

(103) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí dumpáilte ar bhonn sonraí Eurostat agus Faireachais, mar a mhínítear in aithris (86) thuas. Suíodh sciar margaidh na n-allmhairí dumpáilte ar bhonn mhéideanna na n-allmhairí agus thomhaltas saormhargaidh an Aontais mar a leagtar síos i dTábla 1 thuas, agus díolacháin Taekwang á n-asbhaint.

(104) Allmhairí dumpáilte isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 2 —

An méid allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Luach na n-allmhairí dumpáilte ón gCóiré (tonaí)	[350 000 — 410 000]	[250 000 — 310 000]	[340 000 — 400 000]	[440 000 — 500 000]
Innéacs	*100*	*74*	*94*	*125*
Sciar den mhargadh (%)	16	16	17	23
Méid na n-allmhairí ó Mheicsiceo (tonaí)	[120 000 — 150 000]	[120 000 — 150 000]	[140 000 — 170 000]	[110 000 — 140 000]
Innéacs	*100*	*98*	*111*	*83*
Sciar den mhargadh (%)	6	8	7	5
An méid allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann (tonaí)	[470 000 — 560 000]	[370 000 — 460 000]	[480 000 — 570 000]	[550 000 — 640 000]
Innéacs	*100*	*80*	*99*	*114*
Sciar den mhargadh %	21	24	24	28

Foinse: *Eurostat, Faireachas*, agus freagra fíoraithe Taekwang ar an gceistneoir.

(105) Bhí allmhairí dumpáilte ón gCóiré agus ó Mheicsiceo i margadh an Aontais le linn na tréimhse lena mbaineann. Léiríodh an meath ar an éileamh in 2023, mar a leagtar amach in aithris (90), freisin sa laghdú 20 % ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte sa bhliain sin.

(106) Tar éis an laghdaithe sin in 2023, thosaigh méid na n-allmhairí dumpáilte ag méadú go géar. In 2024, tháinig méadú 19 bpointe céatadáin cheana féin ar allmhairí dumpáilte i gcomparáid le 2023. Lean an méadú sin ar aghaidh freisin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a tháinig méadú 15 phointe céatadáin breise ar allmhairí dumpáilte, fiú de réir mar a tháinig laghdú ar an éileamh, agus tháinig méadú 14 % air ar an iomlán le linn na tréimhse lena mbaineann.

(107) Léirigh éabhlóid sciartha den mhargadh gur tháinig méadú leanúnach ar na hallmhairí dumpáilte d'ainneoin luaineacht an éilimh. Cé gur tháinig laghdú freisin ar allmhairí dumpáilte i ndearbhthéarmaí leis an éileamh laghdaithe in 2023, tháinig méadú 4 phointe céatadáin ar a sciar den mhargadh sa bhliain sin mar sin féin. In 2024, de réir mar a tháinig méadú ar an éileamh iomlán agus ar allmhairí araon, d'fhan an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí dumpáilte cobhsaí. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, áfach, fuair allmhairí dumpáilte 4 phointe céatadáin breise den sciar den mhargadh san Aontas, toisc gur lean méid na n-allmhairí dumpáilte de bheith ag ardú fiú de réir mar a tháinig laghdú ar an éileamh arís.

4.5. **Praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghais**

(108) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ar bhonn Faireacháin agus sonraí ó Eurostat.

(109) Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí dumpáilte ar bhonn freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa Chóiré maidir le hallmhairí ón gCóiré, agus ar bhonn Fhaireachas agus phraghsanna Eurostat maidir le hallmhairí ó Mheicsiceo.

(110) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí dumpáilte isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 3 —

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An Chóiré	[840 — 1 000]	[720 — 880]	[730 — 890]	[680 — 840]
Innéacs	*100*	*83*	*84*	*77*
Meicsiceo	[900 — 1 060]	[800 — 960]	[790 — 950]	[650 — 810]
Innéacs	*100*	*83*	*80*	*73*
Meánphraghas ualaithe	953	795	791	723
Innéacs	*100*	*83*	*83*	*76*

Foinse: Eurostat agus Faireachas.

(111) Bhí praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón gCóiré agus ó Mheicsiceo araon ag laghdú gach bliain den tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú beag ar phraghsanna allmhairiúcháin ón gCóiré in 2024. Ós rud é go raibh tionchar ag suaitheadh sa slabhra soláthair domhanda in 2022 ar chostais iompair agus ar phraghsanna amhábhar, bhí an costas táirgthe agus praghsanna ó thríú tíortha agus san Aontas araon ardaithe ([10]).

(112) Tháinig laghdú 17 % ar phraghsanna na n-allmhairí dumpáilte ó 2022 go 2023. Lean praghsanna ó Mheicsiceo ag titim 3 phointe céatadáin breise in 2023, ach tháinig méadú beag ar an bpraghas don Chóiré an bhliain sin. Tháinig laghdú 7 bpointe céatadáin breise ar phraghsanna ón dá thír ansin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a d'fhág gur tháinig laghdú foriomlán 24 % ar an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe ón dá thír le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

([10]) Mar is léir i dTábla 7 le haghaidh chostais agus phraghsanna thionscal an Aontais, agus i dTábla 11 le haghaidh phraghsanna na n-allmhairí neamhdhumpáilte ó Taekwang.

(113) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(a) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtrí táirgeoir de chuid an Aontais arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

(b) meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha na n-allmhairí ó na táirgeoirí sampláilte chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais d'allmhairí na Cóiré, agus meánphraghsanna allmhairiúcháin ó Fhaireachas agus staidreamh Eurostat maidir le hallmhairí Mheicsiceo, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(114) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Cuireadh praghsanna QTA i gcomparáid le praghsanna PTA toisc gur shuigh an Coimisiún go mbíonn an dá chineál táirge in iomaíocht go héifeachtach ar na margaí céanna agus nach raibh aon difríocht shuntasach costais ná praghais idir an dá chineál a thugann údar le haon choigeartú.

(115) Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ní bhfuarthas go raibh sladghearradh á dhéanamh ar aon allmhairí dumpáilte le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(116) Shuigh an Coimisiún, áfach, gur ann do shochtadh agus ísliú praghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Díoladh allmhairí dumpáilte isteach san Aontas ar phraghsanna faoi bhun chostais táirgthe thionscal an Aontais i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú. In 2022 agus 2023, díoladh iad freisin ar phraghsanna faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais.

(117) Bhí laghdú ag teacht ar phraghas na n-allmhairí dumpáilte sin i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú. I bhfianaise láithreacht láidir allmhairí dumpáilte níos saoire sa mhargadh agus caillteanas leanúnach sciar den mhargadh i gcás na n-allmhairí sin, ní raibh táirgeoirí an Aontais in ann a bpraghsanna a shocrú ná a mhéadú os cionn a gcostas táirgthe in aon bhliain den tréimhse faoi bhreathnú. Os a choinne sin, cuireadh iallach ar tháirgeoirí an Aontais leanúint dá bpraghsanna a laghdú chun sciar éigin den mhargadh ar a laghad a choinneáil ar bun. Mar a léirítear i dTábla 7 thíos, cé is moite de 2023 nuair a tharla laghdú níos mó ar an gcostas táirgthe, bhí an laghdú ar phraghas thionscal an Aontais bliain ar bhliain i bhfad níos mó ná an laghdú ar a chostas táirgthe; Bhí táirgeoirí an Aontais ag laghdú a bpraghsanna níos mó ná riamh faoi bhun a gcostas táirgthe, rud a d'fhág go raibh staid chaillteanais ann.

4.6. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.6.1. *Barúlacha ginearálta*

(118) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(119) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sa mhacraicheistneoir fíoraithe a chuir an gearánach isteach, arna gcoigeartú i gcás inar gá leis na sonraí ó cheistneoirí díobhála aonair a chuir na trí tháirgeoir de chuid an Aontais isteach, agus ar bhonn shonraí Faireachais agus Eurostat maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí fíoraithe a thug na trí tháirgeoir de chuid an Aontais ar an gceistneoir. Bhain na sonraí leis na trí tháirgeoir de chuid an Aontais. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(120) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(121) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.6.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.6.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(122) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 4 —

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	2 498 563	1 604 032	1 884 941	1 654 276
Innéacs	*100*	*64*	*75*	*66*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	3 841 107	3 687 866	2 107 061	1 944 406
Innéacs	*100*	*96*	*55*	*51*
Úsáid acmhainneachta (%)	65	43	89	85
Innéacs	*100*	*67*	*138*	*131*

Foinse: Macraicheistneoir arna sholáthar ag an ngearánach agus ceistneoirí díobhála aonair.

(123) Tháinig laghdú 34 % ar an méid táirgeachta san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an titim ba ghéire, 36 %, in 2023. Tharla laghdú géar den sórt sin i bpáirt mar gheall ar an laghdú thuasluaite ar an éileamh an bhliain sin. Ós rud é gur tháinig feabhas beag ar an éileamh in 2024, tháinig feabhas ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais freisin, ach bhí siad fós 25 % faoi bhun a dtúsphointe in 2022 agus tháinig laghdú 9 bpointe céatadáin breise orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(124) Léiríonn an laghdú ar acmhainneacht táirgeachta an Aontais go soiléir an leibhéal díobhála a bhain do thionscal an Aontais. Is é an treocht fholuiteach laghdú ollmhór ar acmhainneacht táirgeachta an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú toisc gur dúnadh roinnt saoráidí táirgthe in 2023 agus 2024. Ar an iomlán, mar thoradh ar an dúnadh sin, tháinig laghdú faoina leath ar an acmhainneacht táirgeachta iomlán san Aontas idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

(125) Ar an gcúis sin, níl an feabhas dealraitheach ar úsáid acmhainneachta, ná na laghduithe ar úsáid acmhainneachta in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2022 agus 2024, faoi seach, ina dtreoir do staid thionscal an Aontais, toisc go mbaineann siad go príomha le dúnadh ghléasraí an Aontais a laghdaigh an acmhainneacht táirgeachta fhoriomlán. Ina ionad sin, tá i bhfad níos mó faisnéise le fáil ó mhéid iomlán na ndíolachán agus ón acmhainneacht táirgeachta.

4.6.2.2. An chainníocht díolachán agus an sciar den mhargadh

(126) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an gcainníocht díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5 —

An chainníocht díolachán agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Díolacháin ar an saormhargadh (tonaí)	[1 600 000 — 1 900 000]	[950 000 — 1 250 000]	[1 200 000 — 1 500 000]	[1 000 000 — 1 300 000]
Innéacs	*100*	*61*	*78*	*71*
An sciar den mhargadh a bhain le díolacháin ar an saormhargadh (%)	73	63	66	61

Foinse: Macraicheistneoir arna sholáthar ag an ngearánach agus ceistneoirí díobhála aonair

(127) Tháinig laghdú 29 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Taifeadadh an titim ba mhó in 2023, i gcomhthráth leis an titim ar éileamh an Aontais (féach Tábla 1 thuas). Mar sin féin, cé gur tháinig laghdú 29 % ar éileamh an tsaormhargaidh in 2023, tháinig laghdú i bhfad níos suntasaí 39 % ar mhéideanna díolachán an Aontais.

(128) Leis an bhfeabhas ar an éileamh in 2024, tháinig méadú freisin ar dhíolacháin thionscal an Aontais, ach bhí siad fós 22 % faoi bhun leibhéil 2022. Ar deireadh, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 7 bpointe céatadáin breise ar mhéideanna díolachán thionscal an Aontais, laghdú i bhfad níos suntasaí arís ná an laghdú 1 phointe céatadáin ar éileamh an Aontais.

(129) Thit sciar thionscal an Aontais den mhargadh ó 73 % in 2022 go 63 % in 2023. De réir mar a tháinig feabhas ar an éileamh in 2024, tháinig méadú 3 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais in 2024, ach ansin tháinig laghdú 5 phointe céatadáin air arís, agus b'é sin an leibhéal ba ísle le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.6.2.3. Fás

(130) Tháinig laghdú suntasach ar fheidhmíocht thionscal an Aontais le linn na tréimhse lena mbaineann. Tháinig laghdú 29 % ar mhéideanna díolachán thionscal an Aontais ar an saormhargadh le linn na tréimhse lena mbaineann, rud lenar cailleadh 12 phointe céatadáin den sciar den mhargadh. Os a choinne sin, tháinig méadú 19 % ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a ghnóthaigh 7 bpointe céatadáin den sciar den mhargadh. Mar thoradh ar staid dheacair an mhargaidh, dúnadh roinnt láithreán táirgthe de chuid an Aontais freisin, rud a laghdaigh acmhainneacht táirgeachta iomlán aigéid theireatalaigh an Aontais go bunúsach ina leath.

(131) Mar a mhínítear thuas, tháinig laghdú ar thomhaltas iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú freisin, agus chonacthas an laghdú is mó in 2023, toisc gur tháinig laghdú 29 % ar éileamh an tsaormhargaidh san Aontas i gcomparáid le 2022. Bhí méid díolachán tháirgeoirí an Aontais chomh maith le méideanna allmhairí ar na leibhéil ab ísle an bhliain sin.

(132) Mar sin féin, cé gur tháinig laghdú 39 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais in 2023 i gcomparáid le 2022, níor tháinig ach laghdú 20 % ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón gCóiré agus ó Mheicsiceo. Mar thoradh air sin, bhí treochtaí éagsúla ann maidir le forbairt an sciar den mhargadh, inar chaill tionscal an Aontais 10 bpointe céatadáin den sciar den mhargadh, agus fuair na hallmhairí dumpáilte 3 phointe céatadáin.

(133) In 2024, tháinig feabhas beag ar éileamh an tsaormhargaidh ach d'fhan sé 13 % níos ísle ná mar a bhí in 2022. Tháinig méadú 17 bpointe céatadáin ar dhíolacháin thionscal an Aontais freisin ach bhí siad fós 22 % níos ísle ná mar a bhí in 2022. An tráth céanna, tháinig méadú 19 bpointe céatadáin ar allmhairí dumpáilte agus tháinig siad ar ais go dtí an leibhéal céanna, nach mór, a bhí ann in 2022.

(134) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin tháinig laghdú arís ar éileamh an Aontais, laghdú beag 1 phointe céatadáin an uair seo. Ina ainneoin sin, tháinig méadú 19 bpointe céatadáin breise ar mhéideanna na n-allmhairí dumpáilte, agus tháinig laghdú 7 bpointe céatadáin ar dhíolacháin thionscal an Aontais arís. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, fuair na hallmhairí dumpáilte 4 phointe céatadáin breise den sciar den mhargadh, agus chaill tionscal an Aontais 5 phointe céatadáin.

4.6.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(135) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6 –

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	1 088	900	642	607
Innéacs	*100*	*83*	*59*	*56*
Táirgiúlacht (aonad/fostaí)	2 296	1 783	2 937	2 723
Innéacs	*100*	*78*	*128*	*119*

Foinse: Macraicheistneoir arna sholáthar ag an ngearánach agus ceistneoirí díobhála aonair

(136) Mar thoradh ar staid dheacair thionscal an Aontais cailleadh 480 post lánaimseartha le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar léiriú ar dhúnadh gléasraí aigéid theireatalaigh san Aontas a shonraítear thuas (Roinn 4.6.2.1), ach freisin ar chiorrú an lucht saothair sna trí tháirgeoir de chuid an Aontais atá fós ag feidhmiú, bhí laghdú ag teacht ar an líon iomlán fostaithe i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 17 % ar an lucht saothair in 2023, agus tháinig laghdú ollmhór eile 24 phointe céatadáin air ina dhiaidh sin in 2024, agus laghdú breise 3 phointe céatadáin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(137) Forbraíodh an táirgiúlacht i gcomhréir leis na hathruithe ar tháirgeacht agus ar fhostaíocht. Bhí sé ar an leibhéal ab ísle in 2023 go háirithe nuair a thit an t-éileamh san Aontas. Is cosúil gur tháinig méadú 50 pointe céatadáin ar tháirgiúlacht in 2024, ach ní mar gheall ar fheabhsuithe ar phróisis táirgthe, ach mar thoradh ar dhúnadh monarchana agus ar na táirgeoirí eile a bheith ag gabháil do chomhdhlúthú táirgthe agus do chiorrú foirne.

(138) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ós rud é gur lean táirgeoirí an Aontais de mhéideanna díolachán ar an saormhargadh agus sciartha den mhargadh a chailleadh, agus laghdú ag teacht freisin ar úsáid faoi chuing, fiú agus laghdú 9 bpointe céatadáin tagtha arís ar chiorrú breise ar tháirgiúlacht an lucht saothair.

4.6.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(139) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ní diomaibhseach an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

(140) Bhí aigéad teireatalach faoi réir imscrúdú frithdhumpála cheana féin, a tionscnaíodh in 2016 in aghaidh allmhairí aigéid theireatalaigh ón gCóiré. Mar sin féin, cuireadh deireadh leis an imscrúdú an 6 Meitheamh 2017 ([11]) toisc go raibh na corrlaigh dhumpála a fuarthas faoi bhun *de minimis*. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí dumpála a d'fhéadfadh a bheith ann roimhe seo.

4.6.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.6.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(141) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtrí tháirgeoir de chuid an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7 —

Praghsanna díola san Aontas

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid ar an saormhargadh (EUR/ tona)	1 001	811	737	698
Innéacs	*100*	*81*	*74*	*70*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/ tona)	1 066	1 024	876	860
Innéacs	*100*	*96*	*82*	*81*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais.

(142) Cé go raibh laghdú ag teacht ar mheánchostas aonaid táirgthe thionscal an Aontais agus ar mheánphraghas díola an tsaormhargaidh araon i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú, mar gheall ar bhrú praghsanna ó allmhairí dumpáilte saora, cuireadh iallach ar tháirgeoirí an Aontais díol ar phraghsanna faoi bhun a gcostas táirgthe i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú.

([11]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/957 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2017 lena bhfoirceanntar na himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí aigéid theireatalaigh íonaithe agus a shalann de thionscnamh Phoblacht na Cóiré (IO L 144, 7.6.2017, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2017/957/oj).

(143) Mar a luadh cheana in aithris (111), bhí an costas táirgthe in 2022 ard ar fud an domhain. Bhí sé sin fíor go háirithe san Aontas, de réir mar a tháinig méadú ar phraghsanna fuinnimh tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin.

(144) De réir mar a normalaíodh staid an mhargaidh dhomhanda agus de réir mar a thosaigh praghsanna fuinnimh san Aontas ag cobhsú ó 2023 ar aghaidh, thosaigh costais agus praghsanna ag laghdú. Tháinig laghdú 4 % ar mheánchostas táirgthe thionscal an Aontais in 2023, agus tháinig laghdú suntasach 14 phointe céatadáin breise air ina dhiaidh sin in 2024. Leanadh den laghdú ar an gcostas táirgthe de réir a chéile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus tháinig laghdú pointe céatadáin breise air.

(145) Bhí praghsanna díola thionscal an Aontais ag laghdú freisin i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú, ach bhí siad níos ísle go comhsheasmhach ná costas aonaid an táirgthe. Léirigh sé sin nárbh iad na costais táirgthe an príomhspreagadh taobh thiar de na leibhéil praghsanna.

(146) Ina ionad sin, díoladh allmhairí dumpáilte isteach san Aontas ar phraghsanna faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú. Ós rud é go raibh táirgeoirí an Aontais ag cailleadh a sciar den mhargadh roimh na hallmhairí saora sin gach bliain (cé is moite d'aisghabháil shealadach ar sciar áirithe den mhargadh in 2024), bhí orthu dul i muinín laghduithe ionsaitheacha praghsanna agus díol faoi bhun a gcostas táirgthe chun roinnt méideanna díolacháin ar a laghad a choinneáil.

(147) In 2022 agus 2023, díoladh allmhairí dumpáilte ar phraghsanna faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, laghdaigh tionscal an Aontais na praghsanna 19 % idir 2022 agus 2023, le laghdú breise 7 bpointe céatadáin in 2024, agus laghdú 4 phointe céatadáin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.6.3.2. Costais saothair

(148) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtrí tháirgeoir de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8 —

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR/ bliain)	100 273	106 190	109 635	123 942
Innéacs	*100*	*106*	*109*	*124*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais.

(149) Tháinig méadú 6 % ar mheánchostais saothair in aghaidh an fhostaí in 2023 agus méadú 3 phointe céatadáin eile in 2024. Ar deireadh, mhéadaigh siad 15 phointe céatadáin breise le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.6.3.3. Fardail

(150) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtrí tháirgeoir de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9 —

Stoic

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoc deiridh (aonad tomhais)	63 623	38 583	88 864	85 394
Innéacs	*100*	*61*	*140*	*134*
Stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	3	2	5	5

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais.

(151) Luainigh leibhéil na stoc deiridh i gcomhréir le méideanna táirgeachta agus díolacháin, agus tháinig laghdú 39 % orthu in 2023, sular tháinig méadú faoi dhó orthu in 2024, agus ansin tháinig laghdú beag 6 phointe céatadáin orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.6.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(152) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar na hinfheistíochtaí ag na trí tháirgeoir de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10 —

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	- 4	- 25	- 17	- 21
Sreabhadh airgid (EUR)	- 5 727 453	- 126 149 667	- 194 936 339	- 200 367 756
Innéacs	*- 100*	*- 2 203*	*- 3 404*	*- 3 498*
Infheistíochtaí (EUR)	37 617 198	48 691 745	30 504 952	26 133 432
Innéacs	*100*	*129*	*81*	*69*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	- 10	- 51	- 74	- 79
Innéacs	*- 100*	*- 489*	*- 711*	*- 757*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais.

(153) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtrí tháirgeoir de chuid an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(154) Mar a léirítear sa difríocht idir meánphraghsanna díola thionscal an Aontais agus costas aonaid an táirgthe, bhí caillteanais á dtabhú ag tionscal an Aontais cheana féin in 2022, toisc go raibh sé ag iarraidh dul in iomaíocht le hallmhairí dumpáilte a díoladh ar phraghsanna faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais.

(155) In 2023, de réir mar a tháinig laghdú ar an éileamh san Aontas agus de réir mar a bhí díolacháin thionscal an Aontais ar na leibhéil ab ísle, agus an tráth céanna, de réir mar a laghdaíodh praghsanna chun dul in iomaíocht le hallmhairí dumpáilte níos saoire, bhain na caillteanais ba mhó do thionscal an Aontais le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, is é sin -25 %.

(156) Tháinig feabhas beag ar éileamh an Aontais agus ar mhéideanna díolachán thionscal an Aontais in 2024 agus tháinig laghdú ar chostais táirgthe. Mar sin féin, ní raibh oibríochtaí brabúsacha mar thoradh air sin. Ina ionad sin, ós rud é gur leanadh de mhéadú a theacht ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte de réir mar a tháinig laghdú breise ar a bpraghsanna, cuireadh iallach ar thionscal an Aontais a phraghsanna a laghdú a thuilleadh, rud a d'fhág nach raibh ach torthaí diúltacha beagán níos lú ann, agus brabús -17 % ann an bhliain sin.

(157) Ós rud é gur lean an brú ó allmhairí dumpáilte ar aghaidh freisin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus gur tháinig laghdú breise ar phraghsanna agus méadú ar a méideanna agus ar a sciar den mhargadh, chaill tionscal an Aontais méideanna díolachán agus laghdaigh sé praghsanna arís, rud a d'fhág go raibh an corrlach brabúis ag dul in olcas, ag -21 %.

(158) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí an glansreabhadh airgid diúltach cheana féin in 2022 agus tháinig meath comhsheasmhach air le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a léirigh a thuilleadh staid uafásach thionscal an Aontais.

(159) Tháinig laghdú freisin ar infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú de réir mar a chuaigh staid thionscal an Aontais in olcas. Tháinig méadú beag ar mhéid na n-infheistíochtaí in 2023, ós rud é gur ghá do roinnt de tháirgeoirí an Aontais cothabháil thráthrialta a dhéanamh. In 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, áfach, tháinig laghdú 38 bpointe céatadáin agus 12 phointe céatadáin ar infheistíochtaí, faoi seach.

(160) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Le laghduithe ar infheistíochtaí nua i saoráidí táirgthe agus leibhéil bhrabúis atá ag laghdú, tháinig meath comhsheasmhach ar an toradh ar infheistíochtaí freisin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(161) Rinne creimeadh na brabúsachta agus an sreabhadh airgid a bhí ag éirí níos diúltaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú difear mór freisin do chumas thionscal an Aontais caipiteal a thiomsú.

4.7. **Conclúid maidir le díobháil**

(162) Mar a leagtar amach thuas, ní mór éabhlóid mhéid na n-allmhairí dumpáilte agus a n-éifeachtaí praghais a mheas in aghaidh an chomhthéacs d'éileamh athraitheach an mhargaidh.

(163) Mar a shonraítear i roinn 4.3 thuas, tháinig laghdú 14 % ar thomhaltas an Aontais ar an saormhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar gheall ar dhálaí sonracha an mhargaidh, tháinig laghdú suntasach ar an éileamh in 2023 (faoi 29 %), sular chobhsaigh sé beagán in 2024, ach bhí sé fós ag leibhéal 13 % níos ísle ná mar a bhí in 2022. Lean an laghdú ar aghaidh de réir a chéile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus tháinig laghdú céatadáin breise ar an éileamh.

(164) D'fhéadfaí coinne a bheith le caillteanas áirithe méideanna díolachán i gcomhthéacs margadh atá ag laghdú. Mar sin féin, bhí an laghdú ar mhéid díolachán agus táirgeachta thionscal an Aontais i bhfad níos suntasaí ná an laghdú 14 % ar éileamh an Aontais: tháinig laghdú i bhfad níos suntasaí 29 % ar mhéideanna díolachán thionscal an Aontais idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú freisin ar a sciar den mhargadh ó 73 % go 61 % le linn na tréimhse sin, rud a léiríonn díobháil shoiléir do mhéideanna. Tháinig méadú 14 % ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón gCóiré agus ó Mheicsiceo le linn na tréimhse sin, rud a mhéadaigh a sciar den mhargadh ó 21 % go 28 %.

(165) Díoladh allmhairí dumpáilte isteach san Aontas ar phraghsanna faoi bhun chostais táirgthe thionscal an Aontais i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú. In 2022 agus 2023, díoladh iad freisin ar phraghsanna faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais. Ós rud é go raibh táirgeoirí an Aontais ag cailleadh sciar den mhargadh de bharr allmhairí dumpáilte gach bliain, bhí orthu dul i muinín laghduithe iomaíocha ar phraghsanna. Agus iarracht á déanamh roinnt méideanna díolachán ar a laghad a choinneáil, bhí tionscal an Aontais ag díol ar phraghsanna fiú faoi bhun phraghsanna na n-allmhairí dumpáilte in 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, rud a d'fhág go raibh a staid neamhbhrabúsach cheana féin á laghdú tuilleadh. Léirigh patrúin praghsanna den sórt sin sochtadh praghsanna in 2022, agus sochtadh agus ísliú praghsanna araon in 2023, 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin.

(166) Léiríodh i dTáblaí 4 agus 6 gur cosúil gur tháinig méadú ar úsáid acmhainneachta agus ar tháirgiúlacht os cionn leibhéil 2022 in 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, mar a mhínítear sna ranna faoi seach, tharla sé sin mar thoradh ar roinnt saoráidí a dúnadh san Aontas le linn 2023 agus 2024, chomh maith le laghduithe ar an lucht saothair ag trí shaoráid tháirgeoirí an Aontais atá fós ag feidhmiú. Dá bhrí sin, is mór idir na treochtaí sin a bhfuil an chuma orthu gur treochtaí dearfacha iad agus an easpa díobhála, a mhalairt ar fad go deimhin.

(167) Mar a léirítear thuas, léirigh na príomhthosca díobhála uile treochtaí diúltacha. Tháinig meath ar an méid táirgeachta, ar an acmhainneacht, ar an méid díolachán, ar an sciar den mhargadh, ar an bhfás, ar an bhfostaíocht, ar an mbrabúsacht, ar shreafaí airgid, ar infheistíochtaí, ar an toradh ar infheistíocht, agus ar an gcumas caipiteal a thiomsú le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(168) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. **CÚISÍOCHT**

(169) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: laghdú ar thomhaltas, allmhairí ó thríú tíortha, feidhmíocht onnmhairiúcháin, agus costas táirgthe.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(170) I bhfianaise éileamh laghdaitheach, lean allmhairí dumpáilte ón gCóiré agus ó Mheicsiceo ag teacht isteach san Aontas ar phraghsanna i bhfad faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais. An tráth céanna, bhí tionscal an Aontais ag cailleadh méideanna díolachán agus sciartha den mhargadh, agus cuireadh iallach air a phraghsanna a laghdú tuilleadh chun sciar éigin den mhargadh ar a laghad a choinneáil, rud lenar tabhaíodh caillteanais ollmhóra.

(171) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, chaill tionscal an Aontais 12 % den sciar den mhargadh, agus tháinig laghdú 34 % agus 29 % ar a méideanna táirgeachta agus díolachán ar an saormhargadh, faoi seach. Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú 19 % ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte, rud a ghnóthaigh 7 % den sciar den mhargadh ó thionscal an Aontais.

(172) Léiríodh san anailís ar na táscairí díobhála in aithrisí (85) go (168) thuas go ndeachaigh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais in olcas tuilleadh in 2024, cé gur tháinig an laghdú is géire uirthi in 2023, agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2022, rud a tharla i gcomhthráth le méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

(173) Chuir roinnt úsáideoirí in iúl go raibh praghsanna allmhairí dumpáilte na Cóiré agus Mheicsiceo an-ghar do phraghsanna thionscal an Aontais, agus mhaígh siad, dá bhrí sin, nach bhféadfaidís díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais.

(174) Níor aontaigh an gearánach leis an léiriú sin, agus chuir sé in iúl gur cosúil go raibh praghsanna ailínithe go díreach mar gheall ar an mbrú praghsanna a chuir na hallmhairí dumpáilte i bhfeidhm.

(175) Go deimhin, mar a suíodh thuas cheana féin, ba iad na hallmhairí dumpáilte ba chúis le sochtadh mór praghsanna in 2022 agus 2023, agus le sochtadh agus ísliú praghsanna araon in 2023, 2024, agus leis an tréimhse imscrúdúcháin, toisc nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú os cionn a gcostais táirgthe. Ina ionad sin, cé gur socraíodh a bpraghsanna ar an leibhéal faoi bhun na gcostas aonaid táirgthe cheana féin in 2022, b'éigean do thionscal an Aontais iad a laghdú tuilleadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(176) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún go sealadach go bhfuil nasc cúisíoch idir an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán. Bhí tionchar ag an díobháil sin ar mhéid agus ar phraghsanna araon.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Tomhaltas*

5.2.1.1. Úsáid faoi chuing

(177) Mar a léirítear i dTábla 1 thuas, suíodh go raibh margadh faoi chuing san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, chun TPE a tháirgeadh. De réir mar a tháinig laghdú de réir a chéile ar mhéideanna úsáide faoi chuing i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú, gan an laghdú mór in 2023 a breathnaíodh sa saormhargadh, b'ionann iad agus idir [7 - 10] % agus [13 - 16] % de thomhaltas iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(178) Tháinig laghdú 42 % ar an úsáid iomlán faoi chuing le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a spreagadh, mar a luaitear in aithrisí (92), toisc gur dúnadh gléasra Indorama Netherlands; d'fhan méid na húsáide faoi chuing sa táirgeoir eile de chuid an Aontais a d'úsáid roinnt dá tháirgeacht faoi chuing réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(179) Mar gheall air sin agus toisc nach raibh san úsáid faoi chuing ach sciar teoranta de tháirgeacht iomlán an Aontais (idir [7 — 10] % agus [13 — 16] % le linn na tréimhse faoi bhreathnú), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár chuir forbairtí sa mhargadh faoi chuing leis an díobháil.

5.2.1.2. Meath ar thomhaltas

(180) Mar a sonraíodh cheana, tháinig laghdú 14 % ar thomhaltas an Aontais ar an saormhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, mar a shonraítear thuas freisin, tháinig laghdú i bhfad níos suntasaí 29 % ar mhéideanna díolachán thionscal an Aontais, agus tháinig méadú 14 % ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte fiú i margadh atá ag laghdú, agus fuair siad 7 % den sciar den mhargadh.

(181) Dá bhrí sin, cé gur cinnte go gcaillfí roinnt méideanna díolachán mar thoradh ar an margadh atá ag laghdú, fiú dá mbeadh laghdú ar an éileamh ina chúis le díobháil do thionscal an Aontais, díreach toisc go bhfuair allmhairí dumpáilte 7 % breise den sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú léiríonn sé sin nach é an t-éileamh atá ag laghdú is mó is cúis leis an díobháil do thionscal an Aontais. Leis an laghdú ar an margadh, ina ionad sin, cruthaíodh staid dhúshlánach inar thosaigh allmhairí dumpáilte saora ag urghabháil sciar den mhargadh ó tháirgeoirí an Aontais trí laghdú iomaíoch ar phraghsanna, rud a laghdaigh méideanna díolachán agus praghsanna tháirgeoirí an Aontais, rud a raibh tionchar tubaisteach aige ar a mbrabúsacht.

(182) Ar deireadh, ós rud é nár tháinig ach laghdú 14 % ar an éileamh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh an laghdú sin ar an éileamh an nasc cúisíoch.

5.2.2. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(183) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an gcainníocht allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11 —

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Taekwang	Méid (tonaí)	[100 000 — 135 000]	[160 000 — 195 000]	[155 000 — 190 000]	[150 000 — 185 000]
	Innéacs	*100*	*155*	*149*	*143*
	Sciar den mhargadh (%)	5	11	8	8
	Meánphraghas (EUR/tona)	[800 — 1 000]	[800 — 1 000]	[740 — 940]	[700 — 900]
	Innéacs	*100*	*92*	*85*	*78*
an tSín	Méid (tonaí)	[8 000 — 10 000]	[24 000 — 26 000]	[34 000 — 36 000]	[56 000 — 58 000]
	Innéacs	*100*	*300*	*418*	*685*
	Sciar den mhargadh (%)	0	1	2	3
	Meánphraghas (EUR/tona)	667	781	799	730
	Innéacs	*100*	*117*	*120*	*109*
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	[7 500 — 8 500]	[7 000 — 8 000]	[2 000 — 3 000]	[1 500 — 2 500]
	Innéacs	*100*	*92*	*29*	*26*
	Sciar den mhargadh (%)	0	0	0	0
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 100	1 021	1 412	942
	Innéacs	*100*	*93*	*128*	*86*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann, in éineacht leis na hallmhairí neamh-dhumpáilte ón India	Méid (tonaí)	[120 000 – 150 000]	[200 000 – 230 000]	[200 000 – 230 000]	[220 000 – 250 000]
	Innéacs	*100*	*160*	*158*	*170*

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
	Sciar den mhargadh (%)	6	13	10	11
	Meánphraghas (EUR/tona)	954	880	825	746
	Innéacs	*100*	*92*	*87*	*78*

Foinse: Eurostat, Faireachas, agus freagra Taekwang ar an gceistneoir.

(184) Bhí na hallmhairí neamhdhumpáilte ó Taekwang ag teacht isteach san Aontas freisin ar phraghsanna faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú, ach os cionn a bpraghsanna díola in 2023, 2024, agus sa tréimhse imscrúdúcháin.

(185) An tráth céanna, tháinig méadú tobann ar allmhairí Taekwang go dtí an leibhéal is airde in 2023 agus tháinig laghdú seasta orthu in 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú níos mó ná faoi dhó ar a sciar den mhargadh in 2023, ach tháinig laghdú air in 2024 agus d'fhan sé cobhsaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(186) Bhí praghsanna allmhairí ón tSín ar na praghsanna is saoire in 2022 agus 2023, ach os cionn phraghsanna na n-allmhairí dumpáilte in 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, cé go raibh siad fós faoi bhun phraghsanna agus chostas táirgthe thionscal an Aontais. Ba bheag méid na n-allmhairí sin, áfach, d'ainneoin go raibh siad ag méadú de réir a chéile agus go raibh sciar den mhargadh á fháil acu.

(187) Ar deireadh, is ar éigean a bhí allmhairí ó thríú tíortha eile ann. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfadh tionchar a bheith ag na hallmhairí sin ar mhargadh an Aontais ná ar úsáideoirí an Aontais.

(188) Ar an taobh eile, bhí allmhairí ó Taekwang suntasach agus díoladh iad faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais. Cé gur thóg siad cúpla pointe céatadáin den sciar den mhargadh, ní raibh an éifeacht chéanna acu ar phraghsanna thionscal an Aontais agus a bhí ag na hallmhairí dumpáilte, a bhí níos saoire ná allmhairí Taekwang i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú agus i bhfad níos mó i gcainníochtaí. Léirítear é sin tuilleadh ó tharla sé go raibh praghsanna allmhairiúcháin Taekwang níos airde ná praghsanna díola thionscal an Aontais in 2023, 2024, agus sa tréimhse imscrúdúcháin.

(189) Díoladh allmhairí ón tSín, áfach, ar phraghsanna faoi bhun chostas aonaid táirgthe agus phraghsanna díola thionscal an Aontais i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, bhí méideanna na n-allmhairí sin íseal agus bhí sciar 0-3 % den mhargadh acu le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(190) Mar achoimre, is léir gur urghabh na hallmhairí ar phraghas saor ó Taekwang agus ón tSín thart ar 5 % den sciar den mhargadh ó thionscal an Aontais freisin. I bhfianaise an mhéid thuas, áfach, fiú má chuir siad leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, ní raibh a n-éifeacht de chineál a mhaolódh an nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

(191) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh allmhairí ó thríú tíortha an nasc cúisíoch.

5.2.3. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(192) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12 —

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtrí tháirgeoir de chuid an Aontais

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	[450 000 – 510 000]	[350 000 – 410 000]	[250 000 – 310 000]	[150 000 – 210 000]
Innéacs	*100*	*80*	*59*	*43*

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánphraghas (EUR/tona)	931	755	678	651
Innéacs	*100*	*81*	*73*	*70*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais.

(193) Bhí laghdú ag teacht de réir a chéile ar onnmhairí aigéid theireatalaigh freisin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 20 % ar mhéideanna onnmhairiúcháin in 2023, le laghdú 21 % breise in 2024, agus 16 % breise sa tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh praghsanna onnmhairiúcháin an patrún laghdaitheach céanna le díolacháin intíre, toisc gur lean tionscal an Aontais ag laghdú na bpraghsanna chun srian a chur le caillteanas na margaí onnmhairiúcháin freisin.

(194) Mar sin féin, i bhfianaise sciar réasúnta íseal na n-onnmhairí, arbh ionann é agus [16 — 20] % de dhíolacháin iomlána tháirgeoirí an Aontais ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, ar tháinig laghdú air go [11 — 15] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, léirítear go mbeadh tionchar beag ar a mhéad ag moilliú na n-onnmhairí agus nach maolaíonn sé an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus díobháil thionscal an Aontais.

5.2.4. *Costas táirgthe*

(195) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara agus Poblacht na Cóiré gurbh iad costais arda táirgthe an phríomhchúis leis an díobháil a rinneadh, agus go sonrach go raibh tionscal an Aontais an-soghabhálach i leith suaitheadh i bpraghsanna fuinnimh agus leictreachais mar gheall ar spleáchas struchtúrach stairiúil an Aontais ar allmhairí fuinnimh ón Rúis.

(196) Chuir na páirtithe in iúl go raibh ardú géar ar chostais leictreachais agus gáis nádúrtha sna blianta 2022 agus 2023, ós rud é gur thug an tAontas smachtbhannaí isteach ar an Rúis tar éis di ionradh a dhéanamh ar an Úcráin agus tar éis laghdú suntasach teacht ar sholáthairtí gáis nádúrtha.

(197) Mhaígh na páirtithe gur fhág an boilsciú a d'eascair as sin, agus go háirithe an méadú ar phraghsanna leictreachais agus amhábhar, lena n-áirítear paracsailéin, a bhain go sonrach leis an Aontas, tionscal an Aontais faoi mhíbhuntáiste iomaíoch i leith allmhairí ón gCóiré agus ó Mheicsiceo.

(198) D'aithin an gearánach an t-ardú géar ar chostais táirgthe in 2022 mar gheall ar an ardú as cuimse ar phraghsanna fuinnimh tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin. Mar is léir ó Thábla 7 thuas, bhí na costais táirgthe, d'ainneoin laghdú beag a bheith ag teacht orthu, fós ard in 2023 freisin.

(199) Mar sin féin, ní fhágann sé sin go bhfuil an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte a bhí ag méadú agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais neamhbhailí.

(200) Ós rud é go raibh praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón gCóiré agus ó Mheicsiceo ar an bpraghas ab airde in 2022, tugtar le fios nach raibh timpeallacht costas ardaithe sonrach don Aontas amháin.

(201) Thairis sin, bhí laghdú ag teacht ar chostais táirgthe an Aontais i ngach bliain den tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú suntasach orthu in 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2022. An tráth céanna, bhí allmhairí dumpáilte ag teacht isteach san Aontas i gcainníochtaí a bhí ag dul i méid i gcónaí agus ar phraghsanna níos ísle, rud a chuir cosc ar thionscal an Aontais na praghsanna a mhéadú os cionn a gcostas táirgthe.

(202) Mar is léir i dTábla 10 thuas, bhí brabúsacht thionscal an Aontais i bhfad níos ísle in 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin (na blianta inar íslíodh costais táirgthe) ná mar a bhí in 2022 (an bhliain ina raibh an costas táirgthe is airde). Léiríonn táscairí díobhála eile patrúin chomhchosúla. Ní thagann meath suntasach ar staid thionscal an Aontais i gcomhthráth le tréimhse na gcostas táirgthe is airde, ach le láithreacht mhéadaitheach allmhairí dumpáilte i margadh an Aontais.

(203) Ar deireadh, chuir an Coimisiún i dtábhacht, cé go bhféadfadh le fírinne gurbh ann do thimpeallacht ardchostas ar bhonn maicreacnamaíoch níos leithne i dtionscal an Aontais in 2022 agus 2023, go bhfuarthas go raibh allmhairí ón gCóiré agus ó Mheicsiceo ag gabháil do dhumpáil. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh costais táirgthe níos airde a bheith ina bhfachtóir dúshlánach, ní bhriseann ná ní mhaolaíonn siad an nasc cúisíoch idir allmhairí ar phraghas éagórach, a bhí ag sochtadh agus ag laghdú praghsanna thionscal an Aontais, agus an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(204) Mar a leagtar amach thuas, i bhfianaise an laghdaithe 14 % a tháinig ar an éileamh ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 29 % ar dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais. Cé go mbeadh coinne le caillteanas áirithe méideanna díolachán ar bhonn uilechoiteann i margadh atá ag laghdú, tháinig méadú 13 % ar allmhairí dumpáilte sa tréimhse chéanna, áfach.

(205) Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé gur chuir na hallmhairí ar phraghas íseal ó Taekwang agus ón tSín leis an díobháil freisin, toisc gur tháinig méadú orthu freisin ó thaobh méide de agus gur ghnóthaigh siad beagnach 5 % den sciar den mhargadh i dteannta a chéile.

(206) Mar sin féin, ní raibh an méadú sin chomh mór sin go maolódh sé an nasc cúisíoch. Chaill tionscal an Aontais 7 bpointe céatadáin den sciar den mhargadh san Aontas go díreach de dheasca allmhairí dumpáilte, a díoladh ar phraghsanna faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais, agus níos ísle ná praghsanna Taekwang. Chun stop a chur le tuilleadh caillteanais sa sciar den mhargadh agus chun leibhéal áirithe den mhéid táirgeachta ar a laghad a choinneáil ar bun, lean táirgeoirí de chuid an Aontais dá bpraghsanna a laghdú tuilleadh agus faoi bhun a gcostas táirgthe tuilleadh, rud lenar tabhaíodh caillteanais ollmhóra le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(207) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Ní raibh ach éifeacht theoranta ag an laghdú ar éileamh, ar allmhairí ó thríú tíortha, agus ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin ar fhorbairtí diúltacha thionscal an Aontais i dtéarmaí caillteanas méideanna díolachán, sciar den mhargadh agus brabúsacht.

(208) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach. Is éard a bhí sa díobháil den chuid is mó caillteanas sciar den mhargadh, sochtadh praghsanna, agus ísliú praghsanna, agus brabúsacht laghdaithe.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(209) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. **Corrlach díobhála**

(210) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(211) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír atá faoi imscrúdú, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(212) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. Ós rud é nach bhféadfadh gach ceann de na trí tháirgeoir de chuid an Aontais sonraí iontaofa a sholáthar chun brabúsacht ar dhíolacháin le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a thaispeáint roimh an méadú ar allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, shuigh an Coimisiún an bunbhrabús chun an praghas neamhdhíobhálach a chinneadh ag 6 %, i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(213) Chuir roinnt páirtithe leasmhara i gcoinne mhaíomh an ghearánaigh maidir le sprioc-chorrlach brabúis [8-18] %, a moladh sa ghearán. Mhaígh siad gur cheart an spriocbhrabús a shocrú ag 6 %.

(214) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh an spriocbhrabús a úsáideadh sa ghearán bunaithe ar bhrabúis stairiúla iarbhír an ghearánaigh le haghaidh táirgeadh aigéid theireatalaigh. San imscrúdú seo, toisc gur líon dhá tháirgeoir bhreise de chuid an Aontais an freagra ar an gceistneoir isteach, d'fhéach an Coimisiún le spriocbhrabús a shuí i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(215) Mar sin féin, mar a léirítear in aithris (212), ós rud é nach bhféadfadh táirgeoirí uile an Aontais sonraí iontaofa a sholáthar chun brabúsacht ar dhíolacháin le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a thaispeáint roimh an méadú ar allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, b'éigean don Choimisiún dul i muinín bunbhrabús a shuí ag 6 %, an t-íosleibhéal dá bhforáiltear le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bhí maímh na bpáirtithe maidir le leibhéal an spriocbhrabúis gan bhunús.

(216) Sholáthair tionscal an Aontais fianaise go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú ní b'airde faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Tar éis an fhíoraithe, fuarthas go raibh údar le maímh Thionscal an Aontais. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí, taighde agus forbartha agus nuálaíochta ('ITFN') faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais ITFN iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Bhí an difríocht sin, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachas, idir [0-1.5] %.

(217) An céatadán a ríomhadh le haghaidh gach táirgeora, cuireadh leis an mbunbhrabús 6 % a luaitear in aithris (212) é chun a spriocbhrabús a fháil.

(218) Ar an mbonn sin, suitear an praghas neamhdhíobhálach idir EUR [50 — 60] agus EUR [70 — 80]/T, mar thoradh ar an gcorrlach brabúis thuasluaite le haghaidh gach táirgeora de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm ar chostas táirgthe gach ceann de thrí tháirgeoir de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(219) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia ('costais chomhlíontachta amach anseo', costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Ar bhonn na fianaise a chuir na trí tháirgeoir ón Aontas i láthair, shuigh an Coimisiún costas breise idir EUR [8 — 14] agus EUR [36 — 42], ag brath ar na costais a thabhaigh gach táirgeoir. Cuireadh an difríocht sin leis an bpraghas neamhdhíobhálach a luaitear in aithris (218) thuas.

(220) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach [880 — 1 020] EUR/tona le haghaidh an táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite a chur le costas táirgthe na dtrí tháirgeoir de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.

(221) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa Chóiré agus ar bhonn praghsanna ó Eurostat maidir le Meicsiceo, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na trí tháirgeoir de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(222) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach aithrisí (59) go (65) agus (72) go (73) thuas).

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
An Chóiré	Samnam Petrochemical Co., Ltd.	6,2	34,7
An Chóiré	Cuideachta chomhoibríoch neamhshampláilte eile: Hanwha Impact Corporation	6,2	34,7
An Chóiré	Gach allmhaire dumpáilte eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	13,7	47,0
Meicsiceo	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	75,5	25,7

6.2. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(223) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach(%)
An Chóiré	Samnam Petrochemical Co., Ltd.	6,2
An Chóiré	Cuideachta chomhoibríoch neamhshampláilte eile: Hanwha Impact Corporation	6,2
An Chóiré	Gach allmhaire dumpáilte eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	13,7
Meicsiceo	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	25,7

7. **LEAS AN AONTAIS**

(224) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(225) Bhí tionscal an Aontais ag cailleadh go leor airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chaill siad méideanna díolachán agus sciar den mhargadh, agus cuireadh iallach orthu a bpraghsanna a choinneáil ar leibhéil neamh-inbhuanaithe. Mar thoradh ar an staid dheacair, dúnadh roinnt saoráidí táirgthe san Aontas cheana féin agus cailleadh thart ar 500 áit oibre. Tháinig meath freisin ar phríomhtháscairí díobhála micreacnamaíocha na dtrí tháirgeoir de chuid an Aontais atá fós i bhfeidhm le linn na tréimhse lena mbaineann.

(226) Mar a mhínítear thuas, allmhairí dumpáilte ba chúis leis an díobháil sin. Dá bhrí sin, trí bhearta frithdhumpála a fhorchur, maolófar ualach na praghsála éagóraí, rud a chuirfidh ar a chumas do thionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú go leibhéil níos inbhuanaithe agus is dócha go n-aisiompóidh sé an laghdú sin.

(227) Ar an taobh eile, mura bhforchuirfear bearta, is dócha go mbeifear in ann leanúint de na treochtaí sin atá ag dul in olcas, rud a d'fhéadfadh deireadh a chur leis an gcuid eile de thionscal an Aontais freisin.

(228) Dá bhrí sin, bheadh forchur beart chun leas thionscal an Aontais.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe**

(229) Níor tháinig aon allmhaireoir ná trádálaí neamhchomhlachaithe chun cinn san imscrúdú seo chun cur i gcoinne na mbeart. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh forchur beart in aghaidh leas na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí, na dtomhaltóirí agus na soláthróirí**

(230) Bhí deich n-úsáideoir páirteach san imscrúdú sin, agus thug siad freagraí ar an gceistneoir, agus chuir roinnt acu barúlacha isteach freisin i gcoinne fhorchur na ndleachtanna. D'iarr ceithre cinn acu éisteacht freisin chun mionléiriú a dhéanamh ar a seasamh agus deonaíodh an éisteacht dóibh.

(231) Leis na sonraí atá ar fáil faoi láthair, mheas an Coimisiún go bhfostaíonn na deich gcuideachta sin thart ar 1 400 duine san iomlán sa chuid dá ngnó a bhaineann le haigéad teireatalach. Is cosúil go bhfuil na deich gcuideachta sin freagrach as iomlán na n-allmhairí Cóiréacha agus leath na n-allmhairí Meicsiceacha uile isteach san Aontas. Tá aigéad teireatalach á úsáid ag an gcuid is mó acu i dtáirgeadh TPE.

(232) Ina mbarúlacha, mhaígh na húsáideoirí atá i gcoinne na ndleachtanna den chuid is mó go bhfágfaidh aon mhéadú ar phraghas aigéid theireatalaigh mar a bpríomh-amhábhar go mbeidh a dtáirgí níos iomaíche fós in aghaidh allmhairí isteach san Aontas agus ar mhargaí onnmhairiúcháin, toisc go bhfuil siad thar a bheith íogair ó thaobh praghais de. D'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh air sin go mbainfí den mhargadh iad, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh laghdú breise ar an éileamh ar aigéad teireatalach thionscal an Aontais agus go gcuirfí an slabhra luacha ina iomláine i mbaol. Dá bhrí sin, tháinig na húsáideoirí ar an gconclúid nach mbeadh bearta frithdhumpála ag freastal ar a gcuspóir ar deireadh.

(233) Ina bhfreagraí ar an gceistneoir, níor thuairiscigh ach dhá úsáideoir brabús le linn na tréimhse imscrúdúcháin, níor thuairiscigh úsáideoir amháin (Celanese Performance Solutions Switzerland Sàrl ('Celanese')) aon fhigiúr brabúsachta dá ghnó san Aontas, agus bhí na seacht n-úsáideoir eile neamhbhrabúsach, sa chuid den ghnó a bhaineann le haigéad teireatalach agus ar leibhéal iomlán na cuideachta araon.

(234) Cé go raibh sciar réasúnta ard d'aigéad teireatalach ag ceann amháin den dá úsáideoir bhrabúsacha ina gcostas iomlán táirgthe agus go raibh cainníochtaí measartha aigéid theireatalaigh á bhfáil aige ó na tíortha lena mbaineann, bhí sé an-bhrabúsach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Measadh, leis an leibhéal reatha dualgas, go gcoinneoidh siad brabús sláintiúil.

(235) Ní bhfuair dhá úsáideoir eile, Celanese agus Envalior Deutschland GmbH, ach sciar an-teoranta dá aigéad teireatalach ó na tíortha lena mbaineann. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach mbeidh tionchar mór ag na dleachtanna orthu.

(236) I gcás ceann amháin de na seacht n-úsáideoir eile, is ionann aigéad teireatalach agus sciar an-bheag dá gcostais táirgthe iomlána. Tá an t-úsáideoir sin ag cailleadh airgid cheana féin, áfach, agus faigheann sé thart ar leath dá aigéad teireatalach sna tíortha lena mbaineann. Dá bhrí sin, is dócha go mbeadh tionchar diúltach ag forchur dleachtanna orthu, ach ar bhonn níos lú, i bhfianaise sciar beag aigéid theireatalaigh ina gcostas táirgthe iomlán.

(237) I gcás na sé úsáideoir eile, is sciar níos suntasaí é aigéad teireatalach dá gcostas iomlán táirgthe, idir 30 % agus 75 %. Faigheann siad idir 20 % agus 85 % dá aigéad teireatalach ó na tíortha lena mbaineann freisin. Ós rud é nárbh fhéidir measúnú a dhéanamh ó na sonraí reatha ar an méid dá soláthar atá ag teacht ó Taekwang nach mbeidh faoi réir na ndleachtanna, agus ós rud é go raibh brabúsacht dhiúltach nó brabúsacht íseal ag na húsáideoirí sin go léir, leis an leibhéal faisnéise atá ar fáil ag an gcéim seo, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcuirfeadh na dleachtanna ualach breise ar a ngnó.

(238) An tráth céanna, léiríonn na sonraí a chuir na deich n-úsáideoir isteach thuas go bhfaigheann na deich n-úsáideoir, go comhiomlán, thart ar 1/3 dá soláthar aigéid theireatalaigh ó thionscal an Aontais, nó thart ar 300 000 tona san iomlán. Ba iad na húsáideoirí sin ba chúis le 90 % de na hallmhairí aigéid theireatalaigh iomlána isteach san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, thart ar 730 000 tona.

(239) Mar a léirítear i dTábla 1 thuas, suíodh éileamh an tsaormhargaidh ar aigéad teireatalach i saormhargadh an Aontais ag níos mó ná 2 mhilliún tona sa tréimhse imscrúdúcháin. Ciallaíonn sé sin go bhfuil úsáideoirí san Aontas arb iad an leath eile den mhargadh iad, i.e. thart ar 1 mhilliún tona aigéid theireatalaigh, atá á cheannach acu beagnach go heisiach ó thionscal an Aontais agus nár tháinig chun tosaigh chun cur i gcoinne na ndleachtanna.

(240) I bhfianaise na gcaillteanas ollmhór a bhaineann do thionscal an Aontais, dá ndúnfadh na táirgeoirí eile de chuid an Aontais a saoráidí freisin, chuirfeadh sé sin deireadh le foinse thábhachtach soláthair do chuid den deichniúr úsáideoirí thuas a chuir freagraí ar an gceistneoir isteach agus do na húsáideoirí nár tháinig chun cinn san imscrúdú freisin.

(241) Anuas air sin, fiú má bhí ocht gcinn de na húsáideoirí sin neamhbhrabúsach, agus a mbrabúsacht le linn na tréimhse imscrúdúcháin idir -3 % agus -15 %, tá táirgeoirí aigéid theireatalaigh i staid níos forbhásaí fós, agus suíodh a mbrabúsacht ag -21 % sa tréimhse imscrúdúcháin. I bhfianaise an mhéid sin agus ós rud é go bhfuil an leibhéal dumpála a suíodh don tír allmhairiúcháin is mó, an Chóiré, réasúnta íseal, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh sé in aghaidh leas an Aontais ar an iomlán bearta a fhorchur.

(242) Ina theannta sin, tá tionscal TPE, lena mbaineann beagnach gach ceann de na húsáideoirí thuasluaite a thug freagraí ar an gceistneoir, faoi chosaint cheana féin le bearta cosanta trádála in aghaidh allmhairí na hIndia agus na Síne. Dá bhrí sin, cuireann na bearta sin leibhéal cosanta ar fáil cheana féin dá n-iomaíochas iartheachtach in aghaidh tháirgeoirí na dtíortha sin.

(243) Ar deireadh, fiú má bhí ocht gcinn de na deich n-úsáideoir a chuir freagraí ar na ceistneoirí isteach neamhbhrabúsach, bhí a mbrabúsacht le linn na tréimhse imscrúdúcháin idir -3 % agus -15 %. Tá táirgeoirí aigéid theireatalaigh an Aontais, áfach, i staid níos forbhásaí fós, agus suíodh a mbrabúsacht ag -21 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin (féach Tábla 10 thuas).

(244) Mhaígh roinnt páirtithe freisin nach bhfuil sé d'acmhainn ag tionscal an Aontais freastal ar éileamh an Aontais agus gurb é sin an fáth a raibh sé riachtanach foinsiú ón gCóiré agus ó Mheicsiceo.

(245) Chuir an Coimisiún in iúl i ndáil leis sin nach é cuspóir na ndleachtanna frithdhumpála allmhairí a dhúnadh ón margadh, ach cothrom iomaíochta a athbhunú sa mhargadh.

(246) Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin, fiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tar éis acmhainneacht táirgeachta iomlán an Aontais a laghdú beagnach faoina leath, go raibh sé d'acmhainn fós ag tionscal an Aontais 85 % d'éileamh iomlán an Aontais a sholáthar (an saormhargadh agus an margadh faoi chuing araon). Ina theannta sin, tá neart foinsí malartacha soláthair ann: ní bheidh allmhairí ó Taekwang faoi réir aon dleacht frithdhumpála, tá acmhainneachtaí substainteacha ar fáil sa tSín, agus tá acmhainneachtaí nua á suiteáil sa Tuirc. Dá bhrí sin, níl aon riosca ann go mbeidh ganntanas soláthair ann.

(247) Agus na breithnithe uile thuas á gcur san áireamh, agus ós rud é go bhfuil an leibhéal dumpála a suíodh don tír allmhairiúcháin is mó, an Chóiré, réasúnta íseal, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil sé in aghaidh leas na n-úsáideoirí ar an iomlán bearta a fhorchur.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(248) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann chun teacht ar an gconclúid nach chun leas an Aontais a bhí sé bearta a fhorchur ar allmhairí dumpáilte aigéid theireatalaigh de thionscnamh na Cóiré agus Mheicsiceo, le linn na céime sin den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(249) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(250) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí dumpáilte aigéid theireatalaigh de thionscnamh na Cóiré agus Mheicsiceo, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(251) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach(%)
An Chóiré	Samnam Petrochemical Co., Ltd.	6,2
An Chóiré	Cuideachta chomhoibríoch neamhshampláilte eile: Hanwha Impact Corporation	6,2
An Chóiré	Gach allmhaire dumpáilte eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	13,7
Meicsiceo	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	25,7

(252) I gcás na Cóiré, an dleachtráta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(253) I gcás na n-allmhairí uile ó Mheicsiceo, is é an dleachtráta is infheidhme an ráta le haghaidh 'gach allmhaire de thionscnamh na tíre lena mbaineann'.

(254) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme go dtí go gcuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann'.

(255) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3 den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(256) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **CLÁRÚ**

(257) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(258) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí.

(259) Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcéim sin de na himeachtaí maidir leis an bhféidearthacht na bearta frithdhumpála a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(260) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(261) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna. Thug Samnam barúlacha laistigh den sprioc-am a leagadh síos. Mar sin féin, bhain na barúlacha sin leis an modheolaíocht ríofa agus, dá bhrí sin, tabharfar aghaidh orthu ag an gcéim chinntitheach.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(262) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(263) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí aigéid theireatalaigh, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 2917 36 00 (cód TARIC 2917 36 00 11) agus ar de thionscnamh Phoblacht na Cóiré ('an Chóiré') agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo ('Meicsiceo') iad.

2. Is mar a leanas a bheidh rátaí na dleachta frithdhumpála sealadaí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach(%)	Cód breise TARIC
An Chóiré	Samnam Petrochemical Co., Ltd.	6,2	88BN
An Chóiré	Hanwha Impact Corporation	6,2	88BO
An Chóiré	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	13,7	8999
Meicsiceo	Gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann	25,7	8999

3. Níl dleachtanna frithdhumpála infheidhme maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Cóiré Taekwang Industrial Co., Ltd. (cód breise TARIC 899BP).

4. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid san aonad atá á úsáid againn) de (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa tír lena mbaineann. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann.

5. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

6. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2013.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bheart cinntitheach féideartha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Aibreán 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN